

Rialacha ar thriall...ciall???

An rud ciallmhar é na rialacha nua a thabhairt isteach? Cuireadh i bhfeidhm iad ag Páirc an Chrócaigh na rialacha nua seo sa Sraith Naisiúnta 2010. Is ar bhunús triall atá siad againn anois le thréimhse mhachnaimh ag teacht i mbliana. Beidh ar Christy Cooney, Pairc Duffy agus a gcomhairleoirí cinneadh a dhéanamh go buan.

Faoi láthair cuirtear tuairimí agus argóintí thart sna tithe tábhairní ar fud na tíre ar an ábhar seo. Tá cuid acu ag troid ar son na rialacha ach tá roinnt acu ina ndiadh de bharr cúiseanna éagsúla. Ar dtús, ba choir go mbéadh liosta de na rialacha leagtha amach chun tús a chur le breithiúnas orthu. Tugadh moltaí ó thaobh an pheil de, ó thaobh an iománaíocht de agus ó thaobh rialacha comónta de. Seo iad a leanas:

Peil:

1. **A) Pas láimh:** Caithfidh tú an pas a dhéanamh le “dorn dúnta” seachas le “lámh oscailte.”
2. **B) An Marc:** Mas cás é gur gcaitear an liathróid idir an dá líne 45, bronntar “cic saor” don imreoir sin.
3. **C) Preab:** Chun an preab a dhéanamh go ceart, ba choir gur bhfilleann an liathróid ón talamh le preab iomlán amháin. Mas cás é go bpreabann an liathróid faoi dhó/faoi thrí gan smacht air, bronnfar cic saor don bhfoireann eile.
4. **D) Cic Pionóis:** Tógfar an cic ó spota 11 méadar ón gcúl, in ionad ar an líne 13 méadar.
5. **E) Cic amach:** Tógfar gach cic ón líne 13 méadar.

Iománaíocht:

1. **F) Pas láimh:** Ath-mhíniú – “Ba choir go scaoilfear an sliotar le aicsean deimhin leis an lámh.
2. **G) Rialacha 4.16 (a) & (b) – Calaoise Teicniúla:** Athraigh “roimh an púic” le “roimh bualadh an sliotar” i rial 4.16. (*Tá rial 4.11 agus 4.16 baint leis an púc pionóis agus cinn-teoidh an moladh seo go bhfuil an ráiteas comhsheasmhach leis an dá rialacha.*)
3. **H) Puc-amach:** Má thógtar a puc taobh amuigh den gcearnóg beag: (i) cealófar an puc amach agus (ii) caithfear isteach an cliotar ar an líne 20 méadar an chúlaí.

Rialacha Comónta don dá chluiche:

1. **I) Buntáiste:** Cuirfear “buntáiste” os ár gcomhair le lámh an réiteora thuas san aer.
2. **J) Ag caitheamh isteach an liathróid:** Ba choir go gcaithfear an liathróid isteach 13 méadar ón gliabhán ar a laghad.
3. **K) Gualainn (cothrom):** Athraigh “gualainn go gualainn” le “taobh le thaobh” sa mhíniú “Gualainn Cothrom.”

Moladh ón gCoiste Peile: Na tabhair faoi imreoir ag ciceáil an liathróid ach i mbealach atá cothrom thuas luaite.

4. **L) Líne Teorann:** Má théann aon imreoir taobh amuigh den líne teorann d'aon ghnó, bronnfar “ Puc saor/cic saor don bhfoireann eile ó shuíomh an calaoise.”
5. **M) Am:** Críochnóidh an leath/chluiche nuair a théann an liathróid taobh amuigh den líne teorann, ní ar chúis éigin eile.
6. **N) Rial 4- Calaoise Teicniúla:** Athraigh Rial 4.9 baint leis an “cearnóg beag” chun cead a thabhairt do na imreoirí dul isteach ann nuair atá an cic/puc tógtha. Níl aon athruithe ar an rial maidir le “Set Plays.”

Ar ndóigh ardaíonn na rialacha úr nua seo ceisteanna éagsúla suimiúla do imreoirí, réiteoirí, bainisteoirí agus an lucht leanúna ach caithfimid díriú isteach ar na gnéithe is conspóideach. Ní rialacha buan i gceist againn agus de bharr seo ní bheidh morán impleachtaí buan le feiceáil ach anois tá siad i bhfeidhm sna cluichí ar súil gach deireadh seachtaine go dtí críoch an mhí Aibreán.

Chun tús a chur leis an mbreithiúnas tosóidh mé le peil. Ó thus an céad seo tá athrú mór tar éis teacht ar an bpeil agus dar liom tá **Rial 1(A)** ag dul in aghaidh leis an bhforbairt seo. Is é an athrú atá i gceist agam ná luas na cluiche agus an gné tapa de na pasanna. Phléasc Mickey Harte agus a bhuchailí ó Thír Eoghain isteach le stíl fisiciúil gasta ag tabhairt amach an liathróid ón líne lán-chúláí agus ansin á scaoileadh isteach go Canavan, O'Neill agus a leithéid sin. Bhíodh siad ag pasáil an liathróid le chéile ó lámh go lámh, (lámh oscailte), chun an fad eatarthu a laghdú. De bharr seo bhí siad in ann dul chun cinn a dhéanamh gan lámh na foirne eile ag fáil blás den liathróid, iad ag fulaingt faoin ghrian agus fearg ag teacht ar a mbainisteoir. Is léir gur taicicí cliste a bhí ann ach dar liom stopann an **Rial 1(A)** an stíl seo forbairt cosúil le seo. Mar is eol do gach imreoir is rud deacair é an “pop pass” a dhéanamh ar dheis, ar chlé, le dhorn dúnta. Cuireann dorn fad ar an bpas, ach níl fad ag teastáil ón stíl gearr-pas seo sna cúláí. Leis an rial seo beidh ar na imreoirí pasanna níos faide a dhéanamh in ionad na pasanna gearra a bhí in úsáid sna cúláí ag Tír Eoghain, Ard Mhaca agus na foirne eile. An maith an rud é seo? B'fhéidir is féidir linn gné dearfach a fheiceáil den rial seo. Leathnófar amach na imreoirí ar an ionsaí anois mar beidh na pasanna ag teacht i bhfad uathu in ionad in aice leo. Cuirfear deireadh leis an “melee” ar an líne 20 meadar agus tiocfaidh an liathróid amach go tapa chuig na tosaithe ag fanacht ar an seans sin chun na bóithre difriúla a thógáil i dtreo an chúil. B'fhéidir roghnóidh na cúláí an cic in ionad an dorn dúnta chun pas a dhéanamh chun níos mó faide a chur ar an bpas? Gheobhaimid léargas domhain sa Sraith ar aon nós.

Ach níl aon dabht ach go bhfuil **Rial 2(B)** an bealach is fearr chun lámh in uachtar a fháil ar do chuid chomórtas. Is léir go raibh Uasal O Cuana ag breathnú ar Aussie Rules le deanaí agus an chaoi a bhronntar marc d'éinne a chaitheann an liathróid go ghlan san aer. ‘S é mo thuairim go bhfuil an rial seo an rial is tabhachtaí don bpeil sa sraith i mbliana.

Faoi dheireadh gheobhaidh na fir ard i lár na páirce moladh as ucht a scileanna san aer. Le blianta bhí an- bhéim ar an liathróid ag briseadh síos. Chruthaigh Paul Galvin, mar shampla, a ríocht faoi Dharagh O'Sé ag troid le Chiarán Whelan agus Nicolas Murphy. Bhíodh na ciceanna amach ag teacht, á bhriseadh síos ag an bhfear láidir ón nGaeltacht, agus phlac Galvin agus a chomhluadar suas an liathróid. Le linn soicind amháin bhíodh sé go díreach ar an ionsaí ar nós na gaoithe. Ar ndóigh ní oibre éasca atá i gceist ach anois tá píosa meala ann do na fir lár páirce chun greim marfach a aimsiú ar an liathróid, níos airde ná éinne. Bhí béim ar an stíl seo, ag briseadh síos an liathróid, an n-athróidh sé seo? Gheobhaidh siad cic saor mas cás é gur rug siad greim glan ar an liathróid idir na línte 45 méadar. Cabhraíonn **Rial 5(E)** leis an gcúl báire an limistéar seo a aimsiú lena chiceanna. Go deimhin feicfidh muid an cheantair seo sa pháirc lán le chomórtas san aer. Ach ar an taobh eile, muna bhfuil do imreoirí ag caitheamh an liathróid, nó ar a laghad, ag briseadh síos é, fulaingeoídh tú agus do chomrádaí timpeall ort. Tíocfaidh na liathróidí isteach, is isteach is isteach arís. Ní dhéanfaidh sé seo aon mhaitheas don tsláinte faoin ghrian geall ag glisernáil i d'aghaidh ar thoir Johnny Doyle nó Alan Brogan. I gcluiche sa sraith le deanaí scrios Maigh Eo tríd na Gaillmhigh mar chaith Ronan Mc Garrity ceithre liathróid glan in aghaidh a chéile. Thuirling an liathróid iteach in a lámh aige 6 uair as 10 ciceanna amach sa dara leath. Fuair sé a chuid marcanna agus ansin d'ith na tosaithe gach pas saor isteach, ag brú ar Gaillimh. Faigheann sé moladh ach an bhfuil sé seo ag cur amú ar "Scil an Ghalvan?" Stíl nua chun ionsaí a chruthú? Gné dearfach nó diúltach? Dar liom tíocfaidh feabhsú ar an spóirt mar gheall ar an rial seo agus ní bheadh ionadh orm dá dtiocfadh an cheann seo isteach an bhliain seo chugainn le stádas buan.

Ag casadh ar an iománaíocht, is é an rial is conspóideach ná **Rial 3(H)**. Le sracfhéachaint siar ar 2009 agus go háirithe roimhe sin, tagann eachtraí i m'intinn le cúl- báire ag pucáil amach an sliotar cúpla céimeanna taobh amuigh den gcearnóg beag timpeall an chúil. Caithfimid smaoiniamh faoin fad a thaistéaláíonn an sliotar nuair a fhágann sé an camán. 20 nó 25 méadar sa leath eile den pháirc i bhfad as dhainséar ón gcúl- báire. Má cheadófar cúpla méadar a ghoideadh i dtús báire, feicfead tionchar níos treise sa leath eile. Is é an chúpla méadar seo, taobh amuigh den gcearnóg, an difríocht idir an sliotar ag eitilt thar na fir lár páirce, i dtreo an chúil, agus an sliotar ag titim ina measc, iad ar a thóir. Is ar an pointe seo a thógaim mo argóint go bhfuil an rial seo chun feidhm dearfach a chruthú do gach imreoir. B'fhéidir go bhfuil níos mó brú ar an gcúl- báire ach ba choir go mbeadh disciplín acu cosúil leis na imreoirí eile. De bharr an rial ní bheidh aon imreoir i lár na páirce tógtha amach as an gcluiche agus cuirfead cath comórtais os ár gcomhair, le phuc ard-cruinn ag teacht chun na imreoirí fonnmhar le lámh ar oscailt san aer acu. Maidir leis na rialacha eile ní bheidh mórán trioblóid leo sa chluichí agus gheobhaimid léargas ealaíonta, oscailte agus bríomhar ar an spóirt fisiciúil leis na laochra coitianta ag taispeáint a gcuid scileanna ar dhromchlá na páirce.

Gabhann rialacha eile leis na cinn peile agus iománaíochta agus is iad na moltaí is suimiúla. Téann na rialacha comónta i bhfeidhm ar pheil agus ar iománaíocht mar an gcéana. Go bunúsach tugann siad smacht níos treise don réiteoir ar an gcluiche, cibé spóirt. Ar ndóigh ba choir go gcuirfí sláinte an imreoir chun cinn ach ag an am céana ní mór dúinn méid an

choimhlint a íslíú. Tugann píosa beag coimhlint aicsean agus fuinneamh don gcluiche. Chomh maith leis na feidhmeanna eile, is é cheann de na príomh-aidhmeanna ag na rialacha ná fearg an imreora a smachtú.

Leis an gcéad amharc ar na rialacha comónta, is féidir leat a rá go bhfuil an smacht seo fite fuite ann ach le anailís domhain iontu tagann deacrachtaí suas. Maidir le **Rial 3(K)** beidh tuairimí in éadan a chéile ann ar fud na tíre. Dar leis an rial caithfidh tú tabhairt faoi imreoir le do ghualainn, ní do thaobh. I rith an chluiche agus an luas chomh gasta, níl seans agat do ghualainn a chur ar imreoir go cruinn ar a ghualainn féin. Tarlaíonn rudaí chomh tapa agus níl sé ar chumas an imreoir ard, a ghualainn a íslíú chun buaileadh imreoir beag eile. Mar shampla má thagann Michael Cussens in aghaidh le Jason Sherlock, ar ndóigh níl siad in ann dul i ngualainn a chéile. Tá beagnach troigh amháin eatarthu. (Sherlock ag 5'8 agus Cussens ag 6'7). Dar liom cruthóidh an rial seo trioblóid don réiteoir agus éiríodh na imreoirí feargach leis na cinneadh in a n-aghaidh ag réiteoirí. Beidh na imreoirí ag iarraidh tabhairt faoin bhfear eile agus cloisfidh siad an fheadóg ag séideadh arís de bharr an rial seo. B'fhéidir go mícheart níos mó ná go ceart?

Ó shéid amháin go séid eile den bhfeadóg, agus muidne ag díriú isteach ar **Rial 5(M)** thuas luaite. Ag leath ama nó lánaimseartha bhí sé de nós ag na réiteoirí am breise a shannadh bunaithe ar a uaireadóir. Tá sé ar eolas ar chuile duine gur chruthaigh sé seo teannas agus coimhlint dá mba rud é go raibh tú tar éis cluiche a chailleadh le bearna pointe eatarthu. Ní bhíonn a fhios ag aon duine cén t-am a bhíonn ar uaireadóir an réiteora. Ach ar an taobh eile, má tháinig tú amach leis an bua, ní raibh aon ghearáin le cloisteáil. Le linn na sraithe anois tá an C.L.G. ag baint triall as teicníc rugbaí a bhíonn in úsáid acu. Chun leath-ama nó lánaimseartha a shéideadh ba choir go mbeadh an liathróid taobh amuigh den líne teorann. Níl cead ag an réiteoir a fheadóg a shéideadh roimhe sin. Tá fadhb amháin agam le seo mar ní bhíonn chlog poiblí sa pháirc (don chuid is mó de na páirceanna) agus mar thoradh ní bhíonn clú dá laghad ag na imreoirí nó an lucht leanúna cad atá fágtha sa chluiche. Dar liom feicfear neart coimhlint mar gheall ar seo agus molaim don C.L.G. chlog a thógáil i ngach páirc chun gabhadh leis an **Rial 5(M)** má tá siad ag iarraidh é a thabhairt isteach go buan. B'fhéidir leis an 35 milliún euro a fuair siad ó chluichí éagsúla taobh amuigh den C.L.G. ? Faigheann gach contae 250,000 euro le haghaidh forbairtí agus níl aon amhras nach gcosnaíonn chlog níos mó na cúpla míle.

Ar ndóigh téann na rialacha i bhfeidhm ar na imreoirí ach i lar gach suíomh, feicimid na réiteoirí. Is iad na príomh- dhaoine le dhualgas orthu na treoireacha a fheidhmiú. Cé go mbeidh na imreoirí ag déanamh na calaoise, gan dabht díreoidh na criticeoirí a dtuairimí ar an réiteoir. I bpreasagallamh le deanaí, dúirt Criostóir Ó Cuana go bhfuil Mick Crowley (Iar-réiteoir) agus Coiste an Réiteora chun na rialacha a chur i bhfeidhm chomh héifeachtach agus is féidir linn. “Níl siad in ann gach botún a bhaint as an gcluiche, is daoine daonra iad, ar ndóigh beidh cúpla botún nádúrtha, mar an gcéana le gach duine,” dar leis an Uachtarán. Tá pointe bailíoch aige, dar liom, agus ní mór do na criticeoirí bheith ag díriú ar an gcluiche, ní amháin an réiteoir. Beidh trioblóid ag na réiteoirí mar is gnáth, tá sé de nós acu cur suas leis na droch- thuairimí.

Feicimid torthaí an thionscadal seo agus titfidh an dualgas ar na h- udaráis i bPáirc an Chrócaigh cinneadh ceart dearfach a dhéanamh faoi 2011. Níl plé déanta anseo ar gach rial ach táim cinnte go bhfuil neart comhrá ar súil sna clubanna ar fud na háite. Is maith an rud é an athrú don spóirt ach ba choir go mbeadh tionscadail curtha ar súil ar son dul chun cinn sa chumann. Beidh seans ag gach chlub agus contae a dtuairimí a nochtadh. Caithfidh siad bheith macánta agus ba choir go mbeadh na moltaí uathu curtha san áireamh ag an gCumann.

Tá sochaí na h-Éireann ag athrú go tapa agus is féidir leat a rá go bhfuil ár spóirt náisiúnta ag athrú freisin. Coinníonn an athrú seo an gné beomhar bríomhar den spóirt fós ar an tsaoil os ár gcomhair go rialta. B'fhéidir tiocfaidh torthaí dearfacha as na athruithe sa Sraith 2010, ach feicimid le linn cúpla cluichí.

Féach ar www.gaa.ie le haghaidh eolas breise agus ar TG4 chun na cluichí a fheiceáil.